**Preasráiteas**

**www.logainm.ie**
**Fuaim le logainmneacha Chontae Chill Dara**

Is féidir le cuairteoirí ar www.logainm.ie éisteacht anois le comhaid fuaime atá curtha le 276 logainm i gContae Chill Dara. Cuireadh comhaid fuaime i nGaeilge agus i mBéarla le hainmneacha na mbarúntachtaí, na bparóistí dlí agus na dtoghrann, chomh maith le hainmneacha roinnt gnéithe fisiciúla. Tá comhaid fuaime ag gabháil cheana le logainmneacha sna contaetha seo a leanas: Port Láirge, Gaillimh, Lú, Dún na nGall, Ciarraí, Tiobraid Árann, Baile Átha Cliath, Maigh Eo, Luimneach, Liatroim, An Mhí, Cill Chainnigh, Cill Mhantáin, Corcaigh, Ros Comáin, Loch Garman, Muineachán, An Clár, Ceatharlach, Sligeach, an Longfort agus an Iarmhí. Fidelma Ní Ghallchobhair as an Leacach, Co. Chill Dara, a chuir fuaim le logainmneacha Chill Dara.

Is suíomh gréasáin poiblí é www.logainm.ie ina bhfuil an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar 100,000 éigin baile, sráid agus oifig phoist ar fud na tíre ar fáil don phobal. Tharraing an suíomh gréasáin logainmneacha 8.2 milliún amas ó seoladh é go hoifigiúil ar 1 Deireadh Fómhair 2008. Faoin leagan Béarla is coitianta a dhéantar an cuardach. Is é *Dublin* an logainm is mó cuardach go dtí seo (3,916 cuardach), is é *Tipperary* an dara ceann is coitianta (2,792), tá *Cork* sa tríú háit (2,559) agus tá *Ballina* sa cheathrú háit (2,214). Is iad na logainmneacha is mó cuardach i gContae Chill Dara go dtí seo ná *Kildare* (1,678 cuardach), Cill Dara (1,373), *Maynooth* (1,312) agus *Naas* (1,239).

Is féidir le mic léinn, múinteoirí, iriseoirí, aistritheoirí agus aon duine eile a bhfuil leagan údarásach uaidh de logainm, teacht ar an eolas go héasca trí chuardach a dhéanamh ar www.logainm.ie. Tá an suíomh ina ábhar spéise, chomh maith, do dhaoine ar fud an domhain a chuireann suim in oidhreacht, i gcultúr agus i dtíreolaíocht na hÉireann.

Dúirt Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD, Aire Stáit na Gaeltachta: "Is iontach an áis í logainm.ie do dhaoine proifisiúnta, do mhic léinn agus do dhaoine a bhfuil suim acu inár gcultúr agus teanga. Tá an-áthas orm go bhfuil forbairt agus dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ar an acmhainn thábhachtach seo. Guím gach rath ar an tionscadal amach anseo."

Leantar den obair ar www.logainm.ie agus cuirtear tuilleadh logainmneacha, comhad fuaime agus áiseanna idirghníomhacha leis an suíomh ar bhonn leanúnach.

Tá www.logainm.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

logainm.ie
Bunachar Logainmneacha na hÉireann

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

DCU